Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 37

# Coimirce Shóisialach

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta Vóta 37, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, ar sheirbhísí áirithe a bhí riartha ag an Oifig sin agus ar íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh agus ar dheontais áirithe.

Déantar comparáid idir an toradh caiteachais agus na suimeanna

(a) tugtha ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas le haghaidh na bliana agus
(b) curtha ar fáil le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil in 2013 as leithreasaí gan chaitheamh ó 2012, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Caithfear farasbarr €228.56 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta, chomh maith leis na nótaí 1 go dtí 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a chruthú, cuireadh chun feidhme iad agus an cuntas á ullmhú, ach amháin i gcás an mhéid seo a leanas:

***Íocaíochtaí a aithint***

Cuimsíonn íocaíochtaí na suimeanna sin a thagann i gcúrsa na híocaíochta i rith na bliana. Meastar méideanna a bheith íoctha nuair a thabhaítear an dliteanas, nuair atá an íocaíocht dlite agus nuair atá treoir na híocaíochta (seic nó ríomhaistriú airgid) tar éis a bheith déanta ar an gcóras bainteach íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí airgid thirim leasa shóisialaigh a dhéantar trí An Post nuair a eisíoctar iad. Más Saoire Bainc gnáthdháta dlite na n-íocaíochtaí d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach iad a eisiúint go luath.

Maidir le híocaíochtaí dheireadh na bliana a eisíonn bainc go luath trí aistriú leictreonach airgid nó a n-íoctar go luath le custaiméirí in Oifigí an Phoist, aithnítear mar réamhíocaíochtaí iad má thagraíonn don bhliain dár gcionn.

***Mar a chaitear le ró-íocaíochtaí aisghafa***

Déantar cuntas ar aisghabháil fiach maidir le ró-íocaíochtaí scéimeanna ginearálta mar seo a leanas:

- Déantar cuntas ar fhiacha a bhíonn aisghafa trí admháil airgid ar bhonn fáltais airgid thirim.
- Déantar fiacha a fhaightear trí bhaint de theidlíochtaí scéime a fhritháireamh in aghaidh caiteachas scéime ar dháta na bainte.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht as Córas de Rialú Inmheánach Airgeadais***

Agus mé mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Tá an fhreagracht seo á cleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras de rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí bainteacha coiscthe nó go mbeidís braite i mbealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil an chórais de rialú inmheánach airgeadais agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Nuair a fuarthas amach le linn na n-iniúchtaí a rinneadh in 2012 agus 2013 go raibh easnaimh le sonrú maidir le réiteach clár sócmhainní na Roinne agus Sócmhainní Caipitil faoi Fhorbairt (CAUD) agus na suimeanna a thaifeadadh sa chuntas leithreasa, bunaíodh grúpa oibre um shócmhainní seasta in 2013 chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas. Díríonn an grúpa go príomha ar chothabháil clár na sócmhainní. Aithníodh sócmhainní maidir le cúrsaí scoir faoi dheireadh 2013 mar aon leis an riachtanas maidir le fardail fhisiciúla a dhéanamh go leanúnach. Rinneadh iniúchadh ar fhardail fhisiciúla a raibh sócmhainní arb’ fhiú €37,000 iontu in dhá ionad in 2013 agus rinneadh scrúduithe deisce ar leith ar 100 seansócmhainní ardluacha (ar b’fhiú €64.7 milliún iad) freisin sa chaoi go raibh sócmhainní scoir ann ar b’fhiú €9.4 milliún iad ann do 2013. Mar chuid den ghnáthghníomhaíocht gnó cuireadh sócmhainní ar b’fhiú €4 milliún iad ar scor ar leithligh. Tá sócmhainní ag an Roinn i 453 suíomh faoi leith. Tabharfaidh an grúpa aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le Sócmhainní Caipitil faoi Fhorbairt (CAUD) freisin. Táthar ag súil go leanfaidh an grúpa ar aghaidh lena gcuid oibre i rith 2014.

***Timpeallacht de Rialú Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith ceaptha ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá socruithe tuairiscithe tar éis a bheith bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais tar éis a bheith ceaptha,
- tá gnáthaimh fhoirmiúla tar éis a bheith bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus gníomhú ceartaitheach iomchuí a chinntiú,
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm faoi chur i gcrích mo fhreagrachtaí as an gcóras de rialú inmheánach airgeadais.

***Smachta Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus de thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag luchta bainistíochta sinsearach
- go ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmiúchán airgeadais in aghaidh na réamhaisnéise
- go bhfuil córas bainistíochta rioscaí á oibriú sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na córais TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte rialaithe iomchuí ann d'infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla ann do bhainistíocht tionscadal

Cinntíonn an Roinn go dtugtar aird chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de 22 chonradh dar luach €2 milliún nach raibh faoi réir próiseas iomaíoch ceannaigh. Tharla na heisceachtaí sin ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear leanúnachas gnó, soláthraí aonair nó infhaighteacht teoranta a bheith i gceist agus toisc go ndearnadh a lán ceannachán ar luach íseal a sháraigh an tairseach soláthair nuair a cuireadh le chéile iad.

Tá bearta á ndéanamh ag an Roinn chun scéal na gconarthaí sin a chur ina cheart lena n-áirítear cleachtais fhoirmiúla soláthair a thionscnamh nuair is féidir. 17 gcás den 22 chás sin tá bailchríoch curtha ar an soláthar nó ní fada go mbeidh. Tá na míreanna gan réiteach faoi athbhreithniú. Tá sonraí na gconarthaí sin go léir san áireamh in Imlitir bhliantúil na Roinne 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn in éineacht le pearsanra atá oilte go hiomchuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá formheasta agam. Bíonn a cuid oibre coinnithe ar an eolas trí anailísiú ar na priacail airgeadais a mbíonn an Roinn nochta dóibh agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn formheasta agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm leis na pleananna seo an rialú ríthábhachtach a chlúdach ar bhunús rollach, le linn tréimhse réasúnta. Bíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí á hathbhreithniú go tréimhsiúil agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar athleanúint ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

**Niamh O'Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

12 Meán Fómhair 2014

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

**Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta**

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

**Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

**Scóip an iniúchta**

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

**Tuairim faoin gcuntas leithghabhála**

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Coimirce Shóisialach. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh rialacha um sholáthar***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta maidir le rialacha soláthair náisiúnta i dtaca le conarthaí a bhí á bhfeidhmiú in 2013.

**Rialtacht an chaiteachais**

Baineann Caibidil 10 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2013 le híocaíochtaí leasa teidlíochta sáraithe atá san áireamh i gcuntas 2013 do Vóta 37. Is é mo thuairim go bhfuil an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta ábhartha.

**Tuairisciú ar nithe a eascraíonn as iniúchadh**

Caibidlí iniúchta 11 agus 12 faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2013 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vóta 37.

**Seamus MacCártaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2014

# Vóta 37 Coimirce Shóisialach

# Cuntas Leithreasa 2013

| | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| **Scéimeanna Cúnaimh Shóisialta, Seirbhísí, Riarachán agus Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | |
| Riarachán | | | | |
| *Soláthar na bliana seo* | 484,613 | | | |
| *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 1,050 | 485,663 | 472,373 | 476,000 |
| Pinsin | | 957,300 | 952,457 | 963,211 |
| Aois oibre – forlíonadh ioncaim | | 4,408,570 | 4,395,017 | 4,532,929 |
| Aois oibre – tacaíochtaí fostaíochta | | 1,047,850 | 985,053 | 951,918 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | | 1,882,150 | 1,934,757 | 1,851,521 |
| Leanaí | | 2,232,430 | 2,251,807 | 2,376,547 |
| Íocaíochtaí forlíontacha | | 821,797 | 802,139 | 890,454 |
| Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh | | 1,486,177 | 1,314,130 | 2,084,009 |
| **Caiteachas comhlán** | | | | |
| *Soláthar na bliana seo* | 13,320,887 | | | |
| *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 1,050 | | | |
| | | **13,321,937** | **13,107,733** | **14,126,589** |
| ***Bain*** | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **235,651** | **250,003** | **244,824** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Soláthar na bliana seo* | 13,085,236 | | | |
| *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 1,050 | | | |
| | | **13,086,286** | **12,857,730** | **13,881,765** |

**Farasbarr le géilleadh**

Caithfear farasbarr an mhéid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, d'fhéadfaí an méid go léir nó cuid de leithdháileadh ar bith gan chaitheamh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh le bheith caite an bhliain dár gcionn.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 228,556,326 | 201,170,217 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | — | (1,050,000) |
| Farasbarr le tabhairt suas | 228,556,326 | 200,120,217 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i. Tuarastail, pá agus liúntais | | 299,809 | 301,091 | 303,369 |
| ii. Taisteal agus cothú | | 5,692 | 4,897 | 5,088 |
| iii. Oiliúint, forbairt agus costais theagmhasacha | | 12,449 | 4,456 | 14,489 |
| iv. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 20,500 | 20,137 | 21,690 |
| v. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 32,004 | 25,585 | 25,413 |
| vi. Costais áitreabh oifige | | | | |
| *Soláthar na bliana seo* | 27,165 | | | |
| *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 1,050 | 28,215 | 31,462 | 18,548 |
| vii. Seirbhísí comhairleoireachta | | 1,600 | 1,145 | 1,085 |
| viii. Íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta | | 77,562 | 76,901 | 83,358 |
| ix. Tionscadail bhainteacha ríomhrialtais | | 7,400 | 6,371 | 2,938 |
| x. Uachtaránacht an AE | | 432 | 328 | 22 |
| | | **485,663** | **472,373** | **476,000** |

# Nótaí ag gabháil leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 12,635,360 | 13,650,589 |
| Pá | | 301,091 | 303,369 |
| Neamhphá | | 171,282 | 172,631 |
| **Caiteachas comhlán** | | **13,107,733** | **14,126,589** |
| *Bain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **250,003** | **244,824** |
| **Glanchaiteachas** | | **12,857,730** | **13,881,765** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim ceannachán | (12,342) | | |
| Dímheas | 10,002 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | (2,339) | 5,542 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (3,744) | (2,555) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhrú deiridh | (491) | | |
| Laghdú ar Stoc | 68 | | |
| | | (423) | 3,754 |
| **Caiteachas díreach** | | **12,851,224** | **13,888,506** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 35,670 | 36,187 |
| Measchíosanna | | 10,770 | 10,985 |
| **Glanchostas an chláir** | | **12,897,664** | **13,935,678** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Cuimsíonn glanmhéid chaiteachas na seirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 37 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 24,922 | 28,054 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 10,743 | 8,128 |
| An Príomhchiste – Pinsin na nAirí | m | 5 | 5 |
| | | 35,670 | 36,187 |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir.

## 2 An Clár Comhordaithe amhail ar 31 Nollaig 2013

| | Tabhair do d'aire | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 54,336 | 50,507 |
| **Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt** | 2.3 | 15,705 | 13,364 |
| | | **70,041** | **63,871** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 471 | 539 |
| Réamhíocaíochtaí | | 53,080 | 50,866 |
| Cuntas fiontraí den Chiste Árachais Shóisialaigh[1] | | 205,660 | 129,790 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 32,376 | 38,625 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **291,587** | **219,820** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 219,350 | 76,729 |
| Costais fhabhraithe | | 69,287 | 67,564 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 12,155 | 15,574 |
| Glandliteanas ar an Státchiste | 2.8 | 6,531 | 76,112 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **307,323** | **235,979** |
| **Glandliteanais reatha** | | (15,736) | (16,159) |
| **Glansócmhainní** | | **54,305** | **47,712** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniúchán Stáit** | 2.1 | **54,305** | **47,712** |

[1] Is ionann seo agus airleacain ó Vóta 37 do chuntas fionraí fóirdheontais an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) nach raibh caite faoi dheireadh na bliana.

| **2.1 Cuntas Maoiniúchán Stáit** | **Nóta** | **2013** | | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | | | 47,712 | 56,958 |
| Coigeartú[1] | | | 87 | (2,958) |
| Íocaíochtaí Amach ón Vóta | | | | |
| Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Cuntas | 13,086,286 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (228,556) | | |
| Glanvóta | | | 12,857,730 | 13,881,765 |
| Glan-aistriú shócmhainní FÁS | | | — | 453 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 35,670 | 36,187 |
| Caiteachas nár bhain le hairgead tirim – Measchíos | 1 | | 10,770 | 10,985 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (12,897,664) | (13,935,678) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | | | 54,305 | 47,712 |

[1] Coigeartú i leith íocaíochtaí airgid thirim i mblianta roimhe sin ar shócmhainní a bhí á bhforbairt is nach raibh san áireamh roimhe seo.

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní comhlána** | | | |
| Costas nó luacháil ar 1 Eanáir 2013 | 287,563 | 32,752 | 320,315 |
| Coigeartú[1] | 1,123 | — | 1,123 |
| Breiseanna | 10,865 | 1,844 | 12,709 |
| Diúscairt | (12,959) | (417) | (13,376) |
| Costas nó luacháil ar 31 Nollaig 2013 | 286,592 | 34,179 | 320,771 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar 1 Eanáir 2013 | 243,259 | 26,549 | 269,808 |
| Coigeartú[2] | (2,054) | — | (2,054) |
| Dímheas na bliana | 10,554 | 1,502 | 12,056 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (12,959) | (416) | (13,375) |
| Dímheas carnach ar 31 Nollaig 2013 | 238,800 | 27,635 | 266,435 |
| **Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2013** | 47,792 | 6,544 | 54,336 |
| **Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2012** | 44,304 | 6,203 | 50,507 |

[1] Tharla an coigeartú de bharr shócmhainní caipitil a bhí á bhforbairt agus a cuireadh i gcrích i mblianta roimhe seo agus a caipitlíodh in 2013.

[2] Tagraíonn an Coigeartú d'athrú i dímheas ar shócmhainní bogearraí ó 5 bliana go 10 mbliana mar aon le muirear dímheasa ar shócmhainní atá san áireamh i gCoigeartú[1] thuas.

## 2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

| ar 31 Nollaig | Ríomhchláir Intí |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir 2013 | 13,364 |
| Coigeartú[1] | 87 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain[2] | 3,744 |
| Aistrithe go dtí clár na sócmhainní | (1,490) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2013 | 15,705 |

[1] Tagraíonn an coigeartú d'íocaíochtaí airgid a rinneadh sna blianta roimhe agus nár cuireadh san áireamh cheana.

[2] Ní áirítear bog-earraí intí a fhorbraítear go hiomlán le linn na bliana sna híocaíochtaí airgid thirim.

### 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| ar 31 Nollaig | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna An Post | 134,043 | 157,020 |
| Iarmhéideanna an PMG | (388,568) | (364,601) |
| Banc agus airgead tirim eile | 35,170 | 131,001 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | 5 | (149) |
| | (219,350) | (76,729) |

Déantar réamh-mhaoiniú ar chuntais An Post trí Vóta 37 agus trí Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) chun dliteanais chaiteachas na Roinne a réiteach de réir mar a bhíonn siad dlite. Ba é €243,576,310 an t-iarmhéid cónasctha a bhí i seilbh An Post maidir le Vóta 37 agus CÁS ag deireadh na bliana 2013. Ba é €184,131,631 an t-iarmhéid cónasctha comhfhreagrach ag deireadh na bliana 2012

Rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí shocrú in 2012 leis An Post faoi dhifríochtaí stairiúla maidir le dearbháin íocaíochta láimhe a bhí caillte nó ar iarraidh. In 2013 agus go luath in 2014 thángthas ar shocrú leis An Post le cead na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le difríochtaí i leith íocaíochtaí leictreonacha a théann siad go dtí 2009. De thoradh an tsocraithe sin rinneadh laghdú €95,948 i leabhair chuntais na Roinne Coimirce Sóisialaí agus bhain €61,984 de leis an Vóta agus €33,964 le CÁS.

Rinne an Roinn iniúchadh mionsonraithe inmheánach agus rinneadh coigeartú €55,348 i leabhair chuntais na Roinne Coimirce Sóisialaí in 2013 le déileáil leis na difríochtaí stairiúla bainc a bhí á dtabhairt ar aghaidh gach bliain ó 2009. Baineann €12,450 den mhéid leis an Vóta agus baineann €42,898 le CÁS. Chomh maith leis sin, glanadh suim €124,017 i ndáil le difríochtaí bainc a tugadh ar aghaidh ó 2009 in dhá chuntas fionraí don Chlár um Réiteach Íocaíochta agus Gníomhaireachta (PARP), ar bhain €56,733 leis an Vóta (féach nóta 2.6) agus €67,284 le CÁS. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na coigeartuithe sin ar tharla caiteachas breise dá mbarr agus réitigh siad na difríochtaí ó thaobh cúrsaí bainc de a ndearna an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tagairt dóibh in iniúchtaí roimhe sin.

### 2.5 Stoic

| ar 31 Nollaig | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 453 | 521 |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 18 | 18 |
| | 471 | 539 |

## 2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair

| ar 31 Nollaig | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Airleacain do An Post le haghaidh caiteachas postais | 933 | 1,014 |
| Airleacain do OOP le haghaidh troscán oifige, obair foirgníochta agus leictreach | 4,315 | 5,707 |
| Fionraí Ardán Comhréitigh Íocaíochtaí agus Gníomhaireachtaí | — | 57 |
| Airleacain don Phobal | 7,700 | 6,785 |
| Réamhíocaíochtaí Scéime[1] | 16,333 | 23,093 |
| Fionraí dochair eile | 169 | 500 |
| Dlite ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) maidir le scéimeanna CÁS | 2,926 | 1,469 |
| | 32,376 | 38,625 |

[1] Ar 31 Nollaig, 2013 rinneadh réamhíocaíochtaí €16,332,606 maidir le Scéimeanna Vóta agus rinneadh €6,270,036 díobh trí An Post agus €10,062,570 trí Aistriú Leictreonach Cistí Banc.

## 2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

| ar 31 Nollaig | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 2,739 | 2,776 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais | 593 | 659 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 1,808 | 1,777 |
| Cáin Bhreisluacha Interstat | 103 | 65 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 377 | 142 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil[1] | 47 | — |
| Fáltais bhreise Státchiste | 8 | 1 |
| | 5,675 | 5,420 |
| Asbhaintí párolla | 2,776 | 2,843 |
| Dlite don CÁS maidir le scéimeanna Vóta | 2,289 | 6,306 |
| Nithe sochair fionraí eile | 1,415 | 1,005 |
| | 12,155 | 15,574 |

[1] Faoi Alt 84 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012, tá cead ag na Coimisinéirí Ioncaim ordú don RCS asbhaintí a dhéanamh d'íocaíochtaí áirithe scéime i gcás daoine ar gá dóibh an Cháin Mhaoine Áitiúil a íoc. Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí asbhaintí deonacha freisin ó thuarastail foirne. Tosaíodh na hasbhaintí seo in 2013 agus íoctar iad leis na Coimisinéirí Ioncaim sa mhí tar éis dóibh a bheith asbhainte.

## 2.8 Glandliteanas ar an Státchiste

| ar 31 Nollaig | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 228,556 | 200,120 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | — | 1,050 |
| | 228,556 | 201,170 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (222,025) | (125,058) |
| Glandliteanas ar an Státchiste | 6,531 | 76,112 |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 238,036 | 168,415 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Bainc agus airgead tirim | (219,350) | (76,729) |
| Dlite don Stát | (5,675) | (5,420) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (6,480) | (10,154) |
| | (231,505) | (92,303) |
| | 6,531 | 76,112 |

## 2.9 Gealltanais

| ar 31 Nollaig | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na ngealltanas atá infhorghníomhaithe le dlí | 33,844 | 32,370 |

**Gealltanais Chaipitil Ilbhliantúla**

| Tionscadal | Caiteachas go deireadh 2012 | Caiteachas i rith 2013 | Blianta ina Dhiaidh Sin | Iomlán 2013 | Iomlán 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Cárta Seirbhísí Poiblí | 6,025 | 3,830 | 17,942 | 27,797 | 27,797 |

Ní bhaineann figiúirí caiteachais na bliana 2012 agus na mblianta roimh sin ach amháin le tionscadail i leith tiomantas a mbeidh ina gceangal dlí sa todhchaí. Rinneadh coigeartú ar chaiteachas go deireadh 2012 chun na méideanna a léiriú nach gcuirtí san áireamh cheana ach a aithníodh le linn athbhreithniú a rinneadh ar chaiteachas.

## 2.10 Dliteanais Aibí

Ba é méid iomlán na ndliteanas aibí a bhí neamhurscaoilte ar 31 Nollaig 2013 ná €67,949.

# 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteidil

**A. Scéimeanna Cúnaimh Shóisialta, Seirbhísí, Riarachán agus Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh**

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | 299,809 | 301,091 | 303,369 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Soláthar na bliana seo* | 184,804 | | | |
| | *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 1,050 | 185,854 | 171,282 | 172,631 |
| **Pinsin** | | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach) | | 957,300 | 952,457 | 963,211 |
| **Aois Oibre – Tacaí Ioncaim** | | | | | |
| A.4 | Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta | | 3,098,210 | 3,108,974 | 3,054,741 |
| A.5 | Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | | 934,700 | 977,960 | 1,057,753 |
| A.6 | Pinsean (Neamh-ranníocach) Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | | 16,400 | 16,735 | 17,670 |
| A.7 | liúntas banchéile thréigthe | | 2,960 | 2,876 | 3,546 |
| A.8 | Íocaíochtaí Bunúsacha Liúntas Leasa Forlíontach | | 161,400 | 108,315 | 180,291 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | | 99,450 | 99,178 | 108,170 |
| A.10 | Liúntas Réamhscoir | | 33,100 | 34,555 | 46,091 |
| A.11 | Aois Oibre Eile – tacaí ioncaim | | 62,350 | 46,424 | 64,667 |
| **Aois Oibre – Tacaí Fostaíochta** | | | | | |
| A.12 | Clár Fostaíochta Pobail | | 351,550 | 341,250 | 330,399 |
| A.13 | Scéim Shóisialta Tuaithe | | 45,000 | 44,203 | 45,242 |
| A.14 | Tús – Scéim Socrúcháin Oibre Pobail | | 96,200 | 92,060 | 67,055 |
